# RANG 3: AN CHOPAIL 'IS'

**3.1 Aicme nó ionannas?**
**Aidhm**
Súil siar ar an dá struchtúr copaile atá clúdaithe go dtí seo.

**Treoracha**

- Seinn na habairtí 1–10.
- Is féidir ligean don rang a bheith ag obair ina mbeirteanna nó i ngrúpaí níos mó.
- Is féidir iarraidh ar na foghlaimeoirí na habairtí iomlána a scríobh, féachaint an éireoidh leo na focail a aithint agus a litriú mar is ceart.
- Pléigh na habairtí. Cad é mar a d'aithin na foghlaimeoirí na habairtí aicme agus na habairtí ionannais seachas a chéile?

**Freagraí**

| Abairtí | Abairt aicme | Abairt ionannais |
|---|---|---|
| 1. Is post dúshlánach é, gan amhras. | ☒ | ☐ |
| 2. Is í an Nollaig an tsaoire is fearr liom den iomlán. | ☐ | ☒ |
| 3. Breandán? Duine deas, ach ní bainisteoir ar bith é. | ☒ | ☐ |
| 4. Nach mór an trua iad, na créatúir? | ☒ | ☐ |
| 5. Ní hiad na meáin shóisialta an áit is fearr don díospóireacht seo. | ☐ | ☒ |
| 6. Ní hé an costas an fhadhb is mó, ná baol air. | ☐ | ☒ |
| 7. An ábhar dóchais nó ábhar éadóchais é, dar leat? | ☒ | ☐ |
| 8. Maidir le Sorcha, is í peata a hathar í. | ☐ | ☒ |
| 9. Is mór an rud é pas a fháil sa scrúdú sin. | ☒ | ☐ |
| 10. Ní saineolaí ar bith mise ach oiread. | ☒ | ☐ |

**3.2 Ceist agus freagra**
**Aidhm**
Míniú ar na cúinsí ina n-úsáidtear *is ea/ní hea* agus *is é/ní hé*.

**Treoracha**
Níl tasc le déanamh sa mhír seo ach is féidir tuilleadh samplaí a lorg ó na foghlaimeoirí féin, m.sh. 'An buidéal uisce é sin?'

Má tá dáimh ar leith ag na foghlaimeoirí le Gaeilge Thír Chonaill, níor mhiste gné den chanúint sin a lua, i.e. gur ar éigean a úsáidtear *is ea/ní hea* ar chor ar bith, fiú más abairt aicme atá i gceist. Ó thaobh na foghraíochta de, ní i gcónaí a fhuaimnítear *is é* mar *sé.* I gceantair áirithe, deirtear rud éigin atá cosúil le *séigh*.

**3.3 Ceist agam ort**

**Aidhm**

Cleachtadh ar na freagraí *is ea/ní hea* agus *is é/ní hé*.

**Treoracha**

- Leag síos teorainn ama a shíleann tú a bheith oiriúnach agus lig do na foghlaimeoirí a gcuid ceisteanna/ráiteas a scríobh.
- Is féidir ligean dóibh a bheith ag obair ina mbeirteanna nó i ngrúpaí níos mó.
- Pléigh na ceisteanna/ráitis. Ceartaigh mar is gá iad.

Thiocfadh tasc piareagarthóireachta a dhéanamh den tasc seo chomh maith. Moltar sin a dhéanamh i mbeirteanna, mar seo:

- Iarr ar gach foghlaimeoir na ceisteanna/ráitis a scríobh go slachtmhar, mar beidh duine eile á léamh ar ball.
- Nuair a bheidh an t-am istigh, caithfidh gach duine na ceisteanna/ráitis a thabhairt do dhuine eile agus glacadh le cuid oibre an duine sin.
- Ceartóidh na foghlaimeoirí cuid oibre a chéile. Níor chóir dóibh rud ar bith a cheartú gan a bheith lánchinnte go bhfuil sé mícheart.
- Lig do na foghlaimeoirí a gcuid nótaí/ceartúchán a phlé ina measc féin.
- Pléifidh an rang iomlán na ceisteanna/ráitis ansin.

**Freagraí samplacha**

1. **Ceist/ráiteas:** An múinteoir í Louise?
**Freagra:** Ní hea. Dlíodóir is ea í.

2. **Ceist/ráiteas:** Is fada an lá ó bhíomar sa chathair.
**Freagra:** Is fada, cinnte.

3. **Ceist/ráiteas:** An é Dónall an mac is sine?
**Freagra:** Is é. Tá beirt deartháireacha níos óige ná é sa teaghlach.

4. **Ceist/ráiteas:** Nach Nuala Ní Dhomnhaill a chum 'An Chéad Bhróg'?
**Freagra:** Ní hí. Máire Mhac an tSaoi a chum an dán sin.

5. **Ceist/ráiteas:** Chuala mé riamh gur duine uasal is ea é.
**Freagra:** Ó is ea, duine uasal gan amhras.

6. **Ceist/ráiteas:** An leatsa an carr sin amuigh?
**Freagra:** Ní liom.

7. **Ceist/ráiteas:** An iad Baile Átha Cliath is fearr sa pheil faoi láthair?
**Freagra:** Is iad. Níl foireann ar bith eile inchurtha leo.

8. **Ceist/ráiteas:** An fiú an praghas sin é?
**Freagra:** Ní fiú in aon chor é.

9. **Ceist/ráiteas:** An é Sliabh Dónairt an sliabh is airde in Éirinn?
**Freagra:** Ní hé ná baol air. Tá Carn Tuathail i bhfad níos airde na é.

10. **Ceist/ráiteas:** Is bréag amach is amach é sin.
**Freagra:** Ní hea, muise. An fhírinne ghlan atá ann.